Plé Meastóireachta (GCSE)

A luaithe is atá an clár taibhithe críochnaithe ag iarrthóirí, cuirfidh an scrúdaitheoir tús leis an phlé meastóireachta (GCSE).

Ag leibhéal GCSE, is féidir go mbainfidh seo le **ceachtar** acu, an taibhiú aonréadach nó an taibhiú ensemble. Ba chóir seo a bheith sainaitheanta ag an mhúinteoir ar sceideal an taibhithe.

Bainfear úsáid as na ceisteanna seo a leanas don phlé meastóireachta:

GCSE

i. *Inis dom, le do thoil, teideal (teidil) agus cumadóir (cumadóirí) an phíosa (na bpíosaí) atá tú i ndiaidh a sheinm.*

ii. *Sainaithin stíl an phíosa (na bpíosaí) nó an tréimhse inar scríobhadh é.*

iii. *Cad é mar a chuirtear an tréimhse nó an stíl in iúl ag an cheol?*

iv. *Cad iad na dúshláin a bhí agat sa cheol?*

v. *Cad é mar a d'éirigh leat na dúshláin seo a shárú?*

vi. *An bhfuil aon rud eile faoin taibhiú ba mhaith leat a lua?*